
# Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## Straitéis Turasóireachta, 2024-2028



Comhairle Contae County Council

www.dlrcoco.ie/



# Dú
# Laog
# Ráth a

Straitéis Turasóireachta 2024-2028


ún
haire
n Dúin
www.dlrcoco.ie



# An Cathaoirleach, An Comhairleoir Denis O Callaghan:

**Tá lúcháir orm mar Chathaoirleach fáilte a chur roimh an Straitéis Turasóireachta nua agus uaillmhianach seo do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sna blianta 2024 – 2028.**

Is fearr aithne ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin as an gcósta agus tírdhreach fíorálainn atá aige, ach tá clú tuilte aige freisin de bharr na suíomhanna stairiúla agus an saol cultúrtha bríomhar atá le fáil sa cheantar. Mar gheall ar na gnéithe seo, mealltar go leor cuairteoirí ó chian agus ó chóngar chuig an gceantar gach bliain. Leagann an plean seo amach treochlár chun líon na gcuairteoirí agus an fad a fhanann siad sa cheantar a mhéadú, agus tugtar treoir ann maidir le hoidhreacht nádúrtha agus thógtha, cultúr agus bithéagsúlacht shaibhir an cheantair a chosaint.

Spreagann an turasóireacht an fás geilleagrach, an meas a bhíonn ag an bpobal ar an gcultúr, agus forbairt an phobail sa Chontae. Trí fhéilte, ceardaíocht agus imeachtaí cultúrtha áitiúla a chur chun cinn, cuireann an turasóireacht le hinbhuanaitheacht ár dtionscal cruthaitheach, spreagann sé fás gnólachtaí beaga agus ag an am céanna is féidir leis caighdeán saoil an phobail áitiúil a fheabhsú.

Forbraíodh an Plean seo i ndlúthchomhar le príomhpháirtithe leasmhara turasóireachta ar fud an Chontae. Mo bhuíochas le gach duine a chabhraigh linn trí shuirbhé a líonadh, freastal ar cheardlanna, a thoiligh dul faoi agallamh nó a chuir aighneacht scríofa ar fáil. Chuir sé seo go mór leis an straitéis agus cinntíonn sé go léireoidh sí tuairimí, taithí agus uaillmhianta ár ngnólachtaí turasóireachta agus ár bpobal áitiúil araon.

Táim ag tnúth leis an dul chun cinn a fheiceáil thar thréimhse an Phlean, bunaithe ar ghníomhartha agus cuspóirí is féidir a thomhas agus a bhaint amach.



# Príomhfheidhmeannach, Frank Curran

**Is bunchloch den gheilleagar áitiúil an turasóireacht, earnáil a ghineann €126 milliún d'ioncam gach bliain agus a thacaíonn le níos mó ná 3,000 post turasóireachta sa chontae i réimsí amhail an lóistín, taitneamhachtaí, bialanna agus an tsiamsaíocht. Mar aon leis an tionchar a bhíonn aici ar an ngeilleagar, cuireann an turasóireacht an malartú cultúrtha chun cinn, ag cothú deiseanna do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla teacht le chéile agus cuirtear le saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath dá bharr. Tá ról lárnach ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i réigiún Bhaile Átha Cliath agus fágann an ceantar lorg buan ar chuairteoirí, lorg a spreagfaidh iad le filleadh ar an réigiún agus níos mó ama a chaitheamh ann.**

Sa Straitéis Turasóireachta nua seo do Dhún Laoghaire sna blianta 2024 – 2028, leagtar amach ár dtiomantas do threoir a thabhairt i bhforbairt seirbhísí agus tacaíochtaí turasóireachta sa chontae sna cúig bliana atá amach romhainn. Is ionann an doiciméad seo agus treochlár maidir le conas a oibreoimid le Páirtithe Leasmhara áitiúla agus le príomhghníomhaireachtaí agus príomheagraíochtaí turasóireachta sna cúig bliana atá le teacht. Ag obair le chéile, déanfaimid forbairt ar réimse deiseanna tábhachtacha chun líon na ngnólachtaí agus na bpost turasóireachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a mhéadú.

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite go maith chun líon na gcuairteoirí chuig an gcontae a mhéadú. Tá réimse acmhainní straitéiseacha againn, lena n-áirítear an cósta álainn agus na bailte gleoite cois farraige, cóngaracht shléibhte Bhaile Átha Cliath, agus an réimse leathan deiseanna atá ann a bheith i dteagmháil leis an nádúr.

Buíochas le forbairtí atá tagtha ar an bhfód le blianta beaga anuas – leabharlann dlr LexIcon, folcadáin phoiblí Dhún Laoghaire, feabhsuithe éagsúla atá déanta ar na músaeim sa cheantar, conairí nua amhail Bealach Soghluaisteachta an Chósta, agus an tacaíocht a thugtar d'áiseanna fáilteachais – tá deis iontach ag an gContae an turasóireacht sa cheantar a fhorbairt agus tairbhe a bhaint as.

Gabhaim buíochas le gach duine a chabhraigh le forbairt na straitéise seo, agus táim lánchinnte gur féidir linn ré nua turasóireachta a chur ar bun i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Seo deis iontach chun ár n-áiseanna sainiúla a cheiliúradh, turasóireacht atá freagrach agus beomhar a bhunú, agus lántairbhe a bhaint as an turasóireacht don gheilleagar áitiúil.

# Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## Straitéis Turasóireachta, 2024-2028



# Inneachar


## Réamhrá 1

*1.1* - **Ár gCuairteoirí** 3

*1.2* - **An Contae mar cheann scríbe do thurasóirí** 9

*1.3* **Na deiseanna a chuirimid ar fáil** 13

## An Comhthéacs don Turasóireacht 17

*2.1* - **Léargas ar an gContae – anailís SCOT** 19

*2.2* - **Léargas SCOT - céard atá i gceist leis?** 23

## Creat Straitéiseach 25

*3.1* - **Céard ba mhaith linn a bhaint amach ó thaobh na turasóireachta de?** 27

## Tosaíochtaí straitéiseacha 31

*SP1* – **Eispéiris spreagúla agus eachtraí corraitheacha a chruthú** 34

*SP2* - **Na poncanna a cheangal lena chéile** 41

*SP3* – **Cuairteanna níos faide a spreagadh** 43

*SP4* – **An ceann scríbe a bhainistiú** 47

## An Ráta Ratha a Thomhas 53






# 01

# Réamhrá




1.1 **Ár gCuairteoirí** 3

1.2 **An Contae mar cheann scríbe do thurasóirí** 9

1.3 **Na deiseanna a chuirimid ar fáil** 13

# *1.1 –* Ár gCuairteoirí

Is bunchloch den gheilleagar áitiúil an turasóireacht, earnáil a ghineann ioncam suntasach don gheilleagar áitiúil trí réimsí amhail an lóistín, taitneamhachtaí, bialanna agus an tsiamsaíocht. Mar aon leis an tionchar a bhíonn aige ar an ngeilleagar, cuireann an turasóireacht an malartú cultúrtha chun cinn, ag cothú deiseanna do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla teacht le chéile agus cuirtear le saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath dá bharr. Tá ról lárnach ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i réigiún Bhaile Átha Cliath agus fágann an ceantar lorg buan ar chuairteoirí – lorg a spreagfaidh iad le filleadh ar an réigiún agus níos mó ama a chaitheamh ann.



Is treochlár do thionscal na turasóireachta sa réigiún an Straitéis Forbartha Réigiúnach don Turasóireacht i mBaile Átha Cliath 2023-27 (RTDS) a d'fhoilsigh Fáilte Éireann i mí Feabhra 2023. Ceann de na haidhmeanna atá ag an straitéis ná díriú isteach ar thairbhí socheacnamaíocha na turasóireachta a scaipeadh ar fud an réigiúin, trí "*dhíriú isteach ar fhorbairt na turasóireachta ar feadh an chósta agus sna sléibhte...*". Trí bhéim a leagan in athuair ar an gcósta agus ar na sléibhte, dhá bhuntáiste mór atá ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, cruthaítear deiseanna iontacha don Chomhairle, do ghnólachtaí turasóireachta agus don phobal áitiúil sa Chontae.

Sular bhuail an phaindéim, d'fháiltigh Baile Átha Cliath roimh 6.6 milliún turasóirí ó thíortha thar lear, 75% díobh sin a bhí ag tabhairt cuairt ar an gcathair den chéad uair. Chaith na cuairteoirí seo €2.2 billiún, agus thug siad cuairt ar cheantair eile de réigiún Bhaile Átha Cliath agus den tír, rud a chuaigh go mór chun sochar an gheilleagair i gcoitinne. Ina theannta sin, thug 2.1 milliún turasóir ó chontaetha eile in Éirinn cuairt ar réigiún Bhaile Átha Cliath, agus chaith siad €391 milliún ann. Tá tábhacht níos mó ag baint leis na cuairteoirí áitiúla agus intíre sin a thaistealaíonn chuig an gceantar ó chontaetha eile in Éirinn. Bíonn tionchar níos lú ag na cuairteoirí seo ar an timpeallacht ná mar a bhíonn ag cuairteoirí ó thíortha thar lear agus, ar a bharr sin, tugann siad cuairt ar an gceantar i rith na bliana ar fad, rud a mhaolaíonn fadhbanna a eascraíonn as séasúracht na turasóireachta.

**6.6 milliún**

Roimh an bpaindéim d'fháiltigh Baile Átha Cliath roimh 6.6 milliún turasóirí ó thíortha thar lear, 75% díobh sin a bhí ag tabhairt cuairt ar an gcathair den chéad uair.

**€2.2 billiún**

Chaith na cuairteoirí seo €2.2 billiún, agus cruthaigh siad cuimhní fada buan sa chontae.

**2.1 milliún**

Ina theannta sin, thug 2.1 milliún turasóir ó chontaetha eile in Éirinn cuairt ar réigiún Bhaile Átha Cliath.

**€391 milliún**

Chaith na turasóirí sin, ó chontaetha eile, €391 milliún sa cheantar le linn an tréimhse seo.



**“margaí atá ann cheana a choinneáil agus éagsúlú a dhéanamh i margaí/ndeighleoga ardtáirgthe le príomhchuspóir cuairteanna agus áirithintí níos faide a spreagadh”**

I dtéarmaí na straitéise do chuairteoirí idirnáisiúnta, meastar gurb ionann na margaí do réigiún Bhaile Átha Cliath agus na margaí do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Léiríonn RTDS gurb ionann an straitéis do chuairteoirí idirnáisiúnta agus “margaí atá ann cheana a choinneáil agus éagsúlú a dhéanamh i margaí/ndeighleoga ardtáirgthe le príomhchuspóir cuairteanna agus áirithintí níos faide a spreagadh” I measc na margaí atá ann cheana tá an Bhreatain, mórthír na hEorpa (an Ghearmáin agus an Fhrainc go príomha) agus SAM. I measc na ndeighleog idirnáisiúnta a bhfuil táirgeacht níos airde acu tá an tsó-turasóireacht, an turasóireacht ghailf agus an turasóireacht ghnó.



## An méid a chuireann turasóireacht DLR leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta

# Gineann an turasóireacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin









**€126m**

€126 milliún in aghaidh na bliana.



**3,402**

Tacaíonn an turasóireacht le 3,402 post bunaithe ar an ioncam seo.



**€189m**

Cuireann sé €189 milliún leis an ngeilleagar, nuair a chuirtear sochair indíreacha agus spreagtha san áireamh.



**€29m**

Cuireann sé €29 milliún le státchiste na hÉireann gach bliain.



**€315m**

Tá tionchar iomlán de €315m aige (nuair a chuirtear an t-ioncam díreach táscach ó chuairteoirí san áireamh leis na sochair indíreacha agus spreagtha ó chaiteachas turasóireachta laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

# *1.2* An Contae mar cheann scríbe do thurasóirí

**Tá ról ríthábhachtach ag an turasóireacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, ag cur go mór leis an ngeilleagar áitiúil, leis an saol cultúrtha sa cheantar agus le forbairt an réigiúin i gcoitinne. Is iad an dá áis seo a leanas is mó a shamhlaítear leis an réigiún:**

**na sléibhte**

**an fharraige**



Is fearr aithne ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin as an gcósta agus tírdhreach fíorálainn atá aige, ach tá clú tuilte aige freisin de bharr na suíomhanna stairiúla agus an saol cultúrtha beomhar atá le fáil sa cheantar. Mar gheall ar na gnéithe seo, mealltar go leor cuairteoirí ó chian agus ó chóngar chuig an gceantar gach bliain. Tá tréithe suntasacha an Chontae le feiceáil sna heispéiris sheanbhunaithe agus nua-aimseartha a chuireann sé ar fáil don chuairteoir. Is de bharr na dtréithe seo go bhfuil an ceantar chomh oiriúnach sin do theacht le chéile áitiúil agus don mhalartú cultúrtha.

Buíochas le forbairtí atá tagtha ar an bhfód le blianta beaga anuas – leabharlann dlr LexIcon, folcadáin phoiblí Dhún Laoghaire, feabhsuithe éagsúla atá déanta ar na músaeim sa cheantar, conairí nua amhail Bealach Soghluaisteachta an Chósta, agus an tacaíocht a thugtar d'áiseanna fáilteachais – tá deis iontach ag an Contae an turasóireacht sa cheantar a fhorbairt agus tairbhe a bhaint as.

Chomh maith leis sin, spreagann geilleagar na dturasóirí caomhnú agus cothabháil suíomhanna stairiúla, rud a chinntíonn go mbeidh rochtain ag na glúnta atá le teacht ar oidhreacht shaibhir an Chontae. Trí imeachtaí áitiúla sna healaíona, sa cheardaíocht agus sa chultúr a chur chun cinn, cuireann an turasóireacht le hinbhuanaitheacht na dtionscal cruthaitheach agus spreagann sí fás gnólachtaí beaga. Spreagann an turasóireacht an fás geilleagrach, an meas a bhíonn ag an bpobal ar an gcultúr, agus forbairt an phobail sa Chontae.

**"...is fearr aithne air as an gcósta agus tírdhreach fíorálainn atá aige, ach tá clú tuilte aige freisin de bharr na suíomhanna stairiúla agus an saol cultúrtha beomhar atá le fáil sa réigiún..."**

# I gComhthéacs Bhaile Átha Cliath




Blackrock
Dundrum
Dún Laoghaire
Monkstown
Dalkey
Sandyford
Fernhill
Killiney
Cabinteely
Glencullen
Killternan

# *1.3* Na Deiseanna a chuirimid ar fáil




**“Faoi 2025, meastar go leanfaidh an turasóireacht idirnáisiúnta agus intíre ar aghaidh ag fás, agus táthar ag súil go sáróidh líon na gcuairteoirí an leibhéal is airde a baineadh amach riamh, sa bhliain 2019. Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí idirnáisiúnta ag ráta níos tapúla ná líon na gcuairteoirí intíre.”**



## Is contae lán deiseanna é Dún Laoghaire- Ráth an Dúin. Cé go bhfuil tóir ar an gcontae i measc cuairteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta le fada, tá tábhacht níos mó ná riamh ag baint lena áiseanna iontacha allamuigh ónar bhuail an phaindéim.

Faoi 2025, meastar go leanfaidh an turasóireacht idirnáisiúnta agus intíre ar aghaidh ag fás, agus táthar ag súil go sáróidh líon na gcuairteoirí an leibhéal is airde a baineadh amach riamh, sa bhliain 2019. Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí idirnáisiúnta ag ráta níos tapúla ná líon na gcuairteoirí intíre. Má chuirtear straitéis turasóireachta éifeachtúil i bhfeidhm, meallfar níos mó cuairteoirí chuig an gceantar agus cothófar fás agus forbairt inbhuanaithe san earnáil. Trí gheilleagar na gcuairteoirí a éagsúlú, bonneagar na gcuairteoirí a fheabhsú agus próifíl an Chontae a ardú, imreoidh an turasóireacht ról níos tábhachtaí fós i ngeilleagar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. agus i réigiún Bhaile Átha Cliath chomh maith.


Léiríonn roinnt léargas margaidh a aithníodh trí thaighde (féach thall) gurb é seo an t-am ceart chun earnáil turasóireachta an Chontae a bhrú chun cinn.

| Léargais | Impleachtaí don turasóireacht |
|---|---|
| Tá an-éileamh i gcónaí ar an turasóireacht eachtraíochta agus ghníomhach, agus is iad an rothaíocht agus an tsiúlóid na gníomhaíochtaí is mó a dhéantar amuigh faoin aer. Is ar mhaithe le folláine fisiciúil agus intinne a dhéanann go leor daoine taisteal anois, agus bíonn tóir mhór ar ghníomhaíochtaí faoin aer dá bharr. | D'fhéadfadh DLR tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar áiseanna ar fud shléibhte Bhaile Átha Cliath.<br><br>Tá sé de chumas ag córas iompar gníomhach an chontae rochtain níos fearr a thabhairt do chuairteoirí ar pháirceanna, ar an gcósta agus ar na sléibhte. Tá gá le tuilleadh feabhsuithe chun naisc níos inbhuanaithe chuig moil áineasa a chur ar fáil, agus a mealltacht do chuairteoirí a fheabhsú dá bharr.<br><br>De bharr na suíomhanna íocónacha atá le fáil cois cósta, bíonn rochtain níos fearr ar an gcósta ag teastáil ó chuairteoirí. Tá deiseanna ann do chineálacha lóistín eile (campáil, glampáil, veaineanna campála) a chur ar fáil i suíomhanna cuí. |
| Tá an-tóir i gcónaí ar laethanta saoire gar don bhaile mar gheall ar an ardú atá tagtha ar an gcostas maireachtála, na buntáistí slándála a ghabhann leis, agus an feasacht atá ann i measc an phobail maidir leis an gcomhshaol. | Tá tábhachtach ar leith ag turasóirí intíre do gheilleagar turasóireachta DLR. Ba chóir go ndíreodh an straitéis go príomha ar chónaitheoirí ó Bhaile Átha Cliath a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar DLR (is dócha gur chuairteoirí lae is mó a bheidh sna cuairteoirí seo), agus ar mhuintir na hÉireann ina dhiaidh sin (cuartaíocht lae, nó fiú cuartaíocht thar oíche sa chontae). |
| Ba mhaith le formhór na gcuairteoirí iad féin a thumadh go hiomlán i saol an chinn scríbe (sa bhia, sa chultúr, agus sa phobal áitiúil) agus mar sin ní mór a bheith cinnte eispéireas oiriúnaithe a chur ar fáil dóibh i gcónaí. | Tá slí ann chun ár bhféilte agus ár gcláir oidhreachta a leathnú amach i rith na bliana, díriú isteach ar réimse leathan cuairteoirí; leas a bhaint as na tairiscintí bia atá le fáil sa Chontae; agus níos mó daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar ár ngairdíní, ár bpáirceanna agus ar thaitneamhachtaí eile nach iad. |
| Ó thaobh an fháilteachais, gníomhaíochtaí agus taitneamhachtaí, tá tábhacht ar leith ag baint leis an teicneolaíocht, agus leis an luas lenar féidir le custaiméirí eispéiris éagsúla a chur in áirithe. | Ní mór leanúint ar aghaidh den oiriúnú atá á dhéanamh ag earnáil turasóireachta an Chontae don teicneolaíocht, lena n-áirítear níos mó eispéiris agus taitneamhachtaí atá ináirithe ar líne a chur ar fáil. Tá sé tábhachtach freisin treoir shoiléir a chur ar fáil do chuairteoirí tríd an treochomharthaíocht ar fud an Chontae a fheabhsú. |
| Tá borradh mór faoin taisteal gnó is fóillíochta ('bleisure') anois, agus níos lú éilimh ar an taisteal gnó traidisiúnta. | Bíonn fonn ar chuairteoirí gnó cuairt níos faide a thabhairt ar cheantar ina bhfuil cósta agus sléibhte áille ann, ach tá gá ann freisin le háiseanna comhdhála níos fearr a chur ar fáil chun an deighleog seo den mhargadh a mhéadú sa Chontae. |






# 02 Comhthéacs na Turasóireachta




2.1 **Léargas ar an gContae – anailís SCOT** 19

2.2 **Léargas SCOT - céard atá i gceist leis?** 23

# *2.1* Léargas ar an gContae - anailís SCOT

## Láidreachtaí

**Tá gá le líonra agus bonneagar iompair éifeachtúil a chur ar fáil** atá comhtháite go maith agus a nascann an Contae le lár na cathrach agus le Tuaisceart Bhaile Átha Cliath de bhóthar, d'iarnród agus ar muir, chomh maith le conairí foraoise agus bóithre tuaithe breise a leagan amach.

**Go leor spásanna glasa**, lena n-áirítear páirceanna, gairdíní agus conairí ardchaighdeáin a úsáidtear le haghaidh caitheamh aimsire agus a bhfuil bonneagar tacaíochta den scoth acu.

**An cósta agus na sléibhte**, le radhairc áille ó bharr shléibhte Bhaile Átha Cliath ar chósta fada an Chontae.

**Gníomhaíochtaí allamuigh ar tír agus ar muir**, amhail an rogha gníomhaíochtaí sna sléibhte agus san uisce atá ag fás.

**Tá bailte agus sráidbhailte stairiúla cruinnithe le chéile sa cheantar**, áit a bhfuil rogha fhairsing bialann agus tithe ósta ar fáil atá comhtháite go maith i líonra turasóireachta an Chontae.

**Tá réimse leathan taitneamhachtaí nádúrtha agus tógtha sa cheantar**, lena n-áirítear foirgnimh thraidisiúnta agus chomhaimseartha a atá ina n-ionaid do chuairteoirí, ina músaeim nó ina spásanna le teacht le chéile anois.

**Tá clár maith imeachtaí séasúracha ann**, m.sh. imeachtaí ceoil, bia agus oidhreachta, seoltóireacht agus rásaíocht capall.





# Dúshláin

**Nascacht lag laistigh den Chontae.** Mar shampla, tá an taisteal ón oirthear chuig an iarthar agus a mhalairt agus idir moil iompair agus na sléibhte easnamhach agus neamhéifeachtúil.

**Geilleagar oíche**, atá teoranta ó thaobh rogha na dtithe tábhairne, na mbeár agus na gclubanna atá ar fáil.

**Tá na seirbhísí coimhdeacha amhail lóistín teoranta d'óstáin agus ní sholáthraíonn siad d'éagsúlacht mhór roghanna**, tá na hÁiseanna atá ar fáil i gceantair thuaithe (sléibhte Bhaile Átha Cliath) an Chontae teoranta chomh maith.

**An tionchar atá ag athruithe sa reachtaíocht maidir le Airbnb** ar an stoc lóistín atá ar fáil do chuairteoirí.

**Tá gá le treochomharthaíocht agus faisnéis níos fearr** chun tacú le cuairteoirí fios a mbealach a dhéanamh amach agus a thuiscint.

**Is é an toradh a bhíonn ar easpa sonraí turasóireachta** ar nós taifead ar líon na gcuairteoirí agus an caiteachas a dhéanann siad ná nach féidir feidhmíocht na hearnála a thomhas go cruinn.

**Easpa eolais faoin gContae**, rud a chuireann cosc ar chuairteoirí atá sa spriocmhargadh cuairt a thabhairt air.

**An tséasúracht**, os rud é go mbíonn roghanna do thurasóirí ar fáil i rith an tsamhraidh den chuid is mó (imeachtaí agus féilte) tá gá le tuilleadh aire a thabhairt d'fhorbairt na rogha sa séasúr ciúin.

# Deiseanna

**Eispéiris nua agus spreagúla ináirithe ar líne a chur ar fáil**, lena n-áirítear eispéiris ar leith sa réigiúin a mheallann daoine.

**Feabhas a chur ar na heispéiris atá ann cheana** ag baint leasa as na háiseanna oidhreachta tógtha (m.sh., Teach Mharlaí, An tAireagal) agus as an oidhreacht nádúrtha (rothaíocht sléibhe, spóirt uisce).

**Soláthar lóistín nua in óstáin a spreagadh,** chomh maith le cineálacha nua lóistín (campáil agus veaineanna campála) a chur ar fáil i suíomhanna cuí.

**Bonneagar turasóireachta gnó a chur chun cinn** (nasctha le forbairt lóistín), bonneagar atá ag teacht leis an stíl mhaireachtála agus na heispéiris atá ar fáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

**Geilleagar oíche níos beoga a spreagadh i bpríomhcheantair uirbeacha.**

Rogha bia DLR a mhargú agus a chur chun cinn, m.sh. bia feadh an chósta, bia i mbailte agus sráidbhailte, Féile Gliomach Dheilginse, agus margaí.

**Tacaíocht a thabhairt d'fhéilte agus d'imeachtaí nua, corraitheacha:** féilte agus imeachtaí atá inrochtana, a reáchtáiltear i moill uirbeacha, chun an tairbhe is fearr a ghnóthú uathu don phobal áitiúil agus eispéireas níos fearr a thabhairt do chuairteoirí sna séasúir thánaisteacha (an t-earrach agus an fómhar).

**Leas a bhaint as inrochtaineacht lár chathair Bhaile Átha Cliath**agus naisc áisiúla idir an lár agus DLR (ar bhusanna, ó na stáisiúin LUAS agus DART).

**Glasbhealaí breise a chur ar fáil,** le tuilleadh forbartha ar líonra glasbhealaí an Chontae ar mhaith le rochtain inbhuanaithe a éascú.

**Turais siúlóide/busanna agus conairí inspéise a fhorbairt** a thugann léargas ar oidhreacht agus ar áilleacht an Chontae, agus atá nasctha le taitneamhachtaí eile.

Tionscnaimh 'turasóireacht chliste' a chur i bhfeidhm, amhail boscaí bruscair cliste, amchláir busanna beo ag gach stad bus agus úsáid teicneolaíochtaí AR chun aipeanna a fhorbairt i gcomhair siúlóidí agus eispéiris fhíorúla.





# Bagairtí

**Líon na gcuairteoirí a mhéadú ar feadh chósta an Chontae.** Tagann formhór na ndaoine a thugann cuairt ar an gContae chuig na bailte agus na sráidbhailte cois cósta, seachas chuig ceantair eile sa Chontae.

**Saincheisteanna comhshaoil.** D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag líon mór cuairteoirí ar fhlóra agus fána an Chontae (m.sh. Cnoc Chill Iníon Léinín). Ina theannta sin, ní mór fás na hearnála cúrsála a bhainistiú go cúramach amach anseo.

D'fhéadfadh **truailliú torainn** a eascraíonn as méadú ar líon na gcuairteoirí agus na ngníomhaíocht turasóireachta, amhail ceolchoirmeacha, tionchar diúltach a imirt ar phobail áitiúla agus ar thurasóirí araon.

**Is doiligh teorainneacha agus branda an Chontae a aithint** Níl teorainneacha an chontae soiléir do thurasóirí agus, mar sin, ní bhíonn tionchar ag branda, teachtaireacht ná margaíocht an chontae orthu.

**Iomaíocht** ó áiteanna eile a chuireann eispéiris chosúla ar fáil agus atá ag iarraidh an spriocghrúpa céanna a mhealladh.

**Líon íseal turasóirí sa séasúr ciúin** mar gheall ar easpa imeachtaí agus roghanna do thurasóirí.



# 2.2 **Léargais SCOT** *céard atá i gceist leis?*

**Tá measúnú déanta san anailís SCOT ar na láidreachtaí, na dúshláin, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann le turasóireacht sa Chontae. Bainfear úsáid as an eolas seo chun treoir a thabhairt maidir le feabhsú agus leathnú a dhéanamh ar na taitneamhachtaí atá ar fáil do chuairteoirí sa Chontae, chomh maith bonn eolais a chur faoi straitéisí coinneála cuairteoirí agus seachadadh foriomlán tionscadal turasóireachta.**

Faoi láthair, tá easpa eispéiris ináirithe a bhfuil clú náisiúnta orthu ar fud na tíre ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: **eispéiris ar leith** a d'fhéadfadh cuairteoirí a spreagadh chun am a chaitheamh sa Chontae. D'fhéadfaí taitneamhachtaí nó gníomhaíochtaí a chur chun cinn leis an mbearna seo a líonadh, bíodh siad sin lonnaithe ar an gcósta, gar do na sléibhte nó sna ceantair idir eatarthu. Cé go bhfuil teacht éasca ar na sléibhte le fáil i gcontaetha eile, níl contae ar bith eile in Éirinn a bhfuil cuan ar an scála céanna aige. Seo an ghné a dhealaíonn an Contae ó chontaetha eile; tá sé de chumas ag an gcuan agus ag ceantar an chósta, a bhfuil réimse taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí le fáil ann, a bheith mar cheann scríbe suntasach ar bhonn náisiúnta. Tá go leor taitneamhachtaí éagsúla le fáil sna sléibhte, ceantar a bhfuil an cumas aige bheith ina cheann scríbe suntasach ag rothaithe sléibhe. É sin ráite, ní mór rochtain níos fearr ar na sléibhte a chur ar fáil chun leas a bhaint as an deis seo, rochtain a thugann cosaint don chomhshaol nádúrtha.

De bharr na ndeacrachtaí a bhaineann le taisteal a dhéanamh idir sainchomharthaí cultúrtha agus nádúrtha sa réigiún, ba cheart don Chontae tús áite a thabhairt do **chruthú agus chur chun cinn nasc iompair inbhuanaithe** a bhfuil mar aidhm acu tréimhse chuartaíochta agus caiteachas na gcuairteoirí a mhéadú. Ba cheart tús áite a thabhairt do mhodhanna iompair ghníomhacha idir na taitneamhachtaí seo (rothaíocht, siúlóireacht, siúil). Má dhéantar an taisteal idir an cósta agus na sléibhte a éascú, ní hamháin go mbeidh an Contae níos inrochtana do chuairteoirí ach cuirfidh sé go mór leis na tairiscintí turasóireachta eachtraíochta agus turasóireachta glaise **ar fud an Chontae.** Thabharfadh na cleachtais seo ioncam breise isteach sa gheilleagar áitiúil trí phoist a chruthú i ngnólachtaí turasóireachta agus fáilteachais éagsúla, rátaí áitíochta i lóistín cuairteoirí a ardú agus branda an Chontae a dhéanamh níos feiceálaí.



**“Ba cheart don Chontae éagsúlú agus forbairt ghníomhach a dhéanamh ar an rogha lóistín atá sa cheantar...”**

Ba cheart don Chontae **éagsúlú agus forbairt ghníomhach a dhéanamh ar an tairiscint lóistín atá sa cheantar**, lena n-áirítear tairiscintí traidisiúnta, amhail óstáin, agus tairiscintí níos nua-aimseartha, amhail páirceanna do veaineanna campála agus láithreáin champála ar leith. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo an Contae a chur chun cinn mar cheann scríbe ilghnéitheach do chuairteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta, é a bhunú mar mhol lárnach a mheallann daoine a theacht ar ais arís agus arís eile. Ar an gcaoi chéanna, trí **uasghrádú a dhéanamh ar spásanna poiblí**, amhail forbairt a dhéanamh ar pháirceanna tuaithe agus páirceanna ar imeall an uisce, ar shiúlbhealaí, agus ar spásanna poiblí i gcoitinne, cruthófar spásanna bríomhara sa Chontae atá níos tarraingtí do chuairteoirí.

Trí leas a bhaint as cumas an **gheilleagair oíche**, is féidir leis an gContae atmaisféar bríomhar, mealltach a chothú do thurasóirí. Ní hamháin go gcuireann an cur chuige ilghnéitheach seo le hiomaíochas an Chontae, ach cuireann sé tacaíocht ríthábhachtach ar fáil freisin do ghnólachtaí áitiúla, agus cuireann sé le heolas an phobail faoi bhranda agus tairiscintí turasóireachta an Chontae.

Ba cheart don Chontae iniúchadh a dhéanamh ar chomhtháthú **Tionscnamh Turasóireachta Cliste**, amhail an réaltacht bhreisithe (AR). Ag an leibhéal áitiúil, trí na tionscnaimh seo a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí amhail siúlóidí treoraithe agus cuairteanna ar mhúsaeim, tá sé mar aidhm againn eispéireas an chuairteora a fheabhsú agus deis a thabhairt dóibh leas a bhaint as taitneamhachtaí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa séasúr ciúin fiú, rud a théann chun tairbhe daoine faoi luaineacht theoranta - daoine scothaosta, mar shampla. Ba cheart a bheith ag dréim le gach taitneamhacht agus eispéireas a dhéanamh **inrochtana do chách**. Ina theannta sin, chuideodh glacadh níos mó leis an teicneolaíocht le comhoibriú níos láidre a chothú idir fiontair turasóireachta agus an Chomhairle Contae, rud a d’fhágfadh go mbeadh straitéis brandála chomhtháite agus cur chun cinn éifeachtach ó thaobh na féiniúlachta de ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.



# 03

# Creat Straitéiseach









# *3.1* Céard ba mhaith linn a bhaint amach ó thaobh na turasóireachta de?

**Tá sé mar uaillmhian againn ceann scríbe atá tarraingteach agus inrochtana do thurasóirí a fhorbairt ina dtabharfar deis do chuairteoirí eolas a chur ar stair shaibhir an Chontae agus iad féin a thumadh sa chultúr áitiúil gan stró. Trí feabhas a chur ar an rogha atá ann faoi láthair ó thaobh gníomhaíochtaí oíche, gníomhaíochtaí ar uisce agus sna sléibhte, beidh an Contae níos tarraingtí do chuairteoirí áitiúla, intíre agus idirnáisiúnta. Beidh páirt lárnach ag pobail áitiúla i seachadadh seirbhísí turasóireachta sa Chontae agus muid ag iarraidh timpeallacht ghlas, bhríomhar atá níos cuimsithí, níos nuálaí agus níos cruthaithí a chur ar fáil.**


CORNER NOTE Café
FESTIVAL



# Fís

## Fís DLR don bhliain 2028: Faoin mbliain 2028 breathnófar ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar cheann scríbe nasctha agus tumthach, réigiún a chuireann ar fáil eispéiris shaibhre uathúla ar feadh ár gcósta, i measc shléibhte Bhaile Átha Cliath, agus inár sráidbhailte gleoite agus ár mbailte cairdiúla.


# Tosaíochtaí straitéiseacha

| | |
|---|---|
| **SP1 – Eispéiris spreagúla agus eachtraí corraitheacha a chruthú**<br>Eispéiris spreagúla ináirithe a chruthú a chuireann le feasacht cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta ar thairiscintí turasóireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cruthóidh na gníomhartha seo cuimhní cinn speisialta do chuairteoirí trí béim a leagan ar chomh héagsúil is atá an Contae; spreagfar cuairteoirí iad féin a thumadh go hiomlán ina oidhreacht; cothófar rannpháirtíocht i measc an phobail; agus beidh a scéal féin le hinsint ag gach duine dá bharr.<br>Os rud é go bhfuil an-tóir anois ar an turasóireacht eachtraíochta agus ghníomhach, tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite go maith chun áit is fearr sa tír a bhaint amach mar cheann scríbe a bhfuil sléibhte agus cósta álainn aige. | **Cuspóir 1.1:**<br>Rochtain oscailte ar an gcósta.<br>**Cuspóir 1.2:**<br>Lántairbhe a bhaint as na sléibhte.<br>**Cuspóir 1.3:**<br>Feabhas a chur ar na heispéiris atá ar fáil cheana, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar oidhreacht thógtha agus chultúrtha an Chontae. |
| **SP2 - Na poncanna a cheangal lena chéile**<br>Na naisc fhisiciúla atá idir taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí an Chontae ar an gcósta agus sna sléibhte agus sna ceantair idir eatarthu a threisiú. | **Cuspóir 2.1:**<br>Feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht idir an cósta agus na sléibhte.<br>**Cuspóir 2.2:**<br>Eolas agus treochomharthaíocht shoiléir agus inrochtana a chur ar fáil. |
| **SP3 – Cuairteanna níos faide a spreagadh**<br>Leas a bhaint as saibhreas dúchasach cultúrtha an Chontae, a bhailte agus sráidbhailte, muintir na háite agus a scéalta, chun cuairteoirí a mhealladh chuig Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus iad a spreagadh le fanacht níos faide sa cheantar. | **Cuspóir 3.1:**<br>Tacú le forbairt agus coinneáil lóistín do chuairteoirí.<br>**Cuspóir 3.2:**<br>Bailte agus sráidbhailte atá níos bríomhara i rith an lae agus san oíche a chruthú.<br>**Cuspóir 3.3:**<br>Tacú le fás na turasóireachta gnó laistigh den Chontae. |
| **SP4 – An ceann scríbe a bhainistiú**<br>Áit ar leith a bhaint amach don Chontae mar cheann scríbe iontaofa agus bríomhar do chuairteoirí trí dhíriú isteach ar an ngníomhú ar son na haeráide, an inrochtaineacht, an margaíocht nuálaíoch, agus ar chomhpháirtíochtaí a chothú. Béim a chur ar dhéanamh cinntí beartais agus infheistíochta atá bunaithe ar bhailiúchán sonraí agus anailís iontaofa d'fhonn leas a bhaint as deiseanna agus maolú a dhéanamh ar bhagairtí as eascraíonn as fás na hearnála. | **Cuspóir 4.1:** DLR a chur chun cinn mar dhea-shampla den inbhuanaitheacht agus den ghníomhú ar son na haeráide.<br>**Cuspóir 4.2:**<br>Margaíocht nuálach agus cur chun cinn áiseanna an chontae a spreagadh. |




04

# Tosaíochtaí straitéiseacha




| | | |
|---|---|---|
| *SP1* | **Eispéiris spreagúla agus eachtraí corraitheacha a chruthú** | 34 |
| *SP2* | **Na poncanna a cheangal lena chéile** | 41 |
| *SP3* | **Cuairteanna níos faide a spreagadh** | 43 |
| *SP4* | **An ceann scríbe a bhainistiú** | 47 |

## Gluais

DLRCC - Comhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin
SDCC – Comhairle Contae Átha Cliath Theas
FCC – Comhairle Contae Fhine Gall
DCC – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
WCC – Comhairle Contae Chill Mhantáin
DMP – Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath
FI – Fáilte Éireann
NTA – Oifig na gCosán Náisiúnta
DPO – Calafort Átha Cliath

## Amlínte

Gearrthéarmach: 1–2 bhliain
Meántéarmach: 3–4 bliana
Fadtéarmach: 4–5 bliana+
Leanúnach: saolré na straitéise

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| *Cuspóir 1.1: Rochtain oscailte ar an gcósta* | | |
| 1.1 | **Tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm Mháistirphlean Chuan DLR,** lena n-áirítear forbairt an Champais Náisiúnta Spóirt Uisce. | Cuan Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| 1.2 | **Iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht atá ann beart nua inrochtana a thógáil d'árthaigh áineasa ar an gCé Thoir,** le spás do thurais sa chuan/bhá agus do chrúsanna. | Cuan Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| 1.3 | **Iarracht a dhéanamh bonneagar áineasa ar an uisce a fhorbairt** , le spás ann d'imeachtaí poiblí faoin aer agus do limistéar snámha ar uachtar an uisce. | Cuan DLR |
| 1.4 | **Feabhas a chur ar fhoirgnimh oidhreachta chéanna DLR,** lena n-áirítear tabhairt faoi dhea-chleachtas caomhnaithe agus athchóirithe ar bhatairí na Cé Thoir (Éileoidh an próiseas caomhnaithe agus athchóirithe rochtain fheabhsaithe, saoráidí leithris nua nó feabhsaithe, na hacmhainní léirmhíniúcháin ar fad a theastaíonn, agus áiseanna caifé ar ardchaighdeán); iniúchadh a dhéanamh ar úsáid theachín choimeádaí an tí solais ar an gCé Thiar i gcuan DLR amach anseo; agus féachaint le foirgneamh stairiúil an stáisiúin bád tarrthála a cheannach. | Cuan DLR |
| 1.5 | **Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann báid/longa stairiúla a cheannach agus a athchóiriú** ar mhaithe le hiad a úsáid mar áiseanna agus taitneamhachtaí do chuairteoirí i gCuan Dhún Laoghaire in éineacht leis na taispeántáin agus na hócáidí a chuireann an Músaem Muirí Náisiúnta ar fáil. | Turasóireacht DLR |

## SP1 – Eispéiris spreagúla agus eachtraí corraitheacha a chruthú.

**Aidhm: Eispéiris spreagúla ináirithe a chruthú a chuireann le feasacht cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta ar thairiscintí turasóireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.** Cruthóidh na gníomhartha seo cuimhní cinn speisialta do chuairteoirí trí béim a leagan ar chomh héagsúil is atá an Contae; spreagfar cuairteoirí iad féin a thumadh go hiomlán ina oidhreacht; cothófar rannpháirtíocht i measc an phobail; agus beidh a scéal féin le hinsint ag gach duine dá bharr. Os rud é go bhfuil an-tóir anois ar an turasóireacht eachtraíochta agus ghníomhach, tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite go maith chun áit is fearr sa tír a bhaint amach mar cheann scríbe a bhfuil sléibhte agus cósta álainn aige.

| Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|
| **Rannóga Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**<br>**Fáilte Éireann**<br>**Páirtithe leasmhara áitiúla** | Gearrthéarmach-meántéarmach | Tacaíocht tugtha do Mháistirphlean Chuan DLR. |
| **Turasóireacht DLR** | Meántéarmach-fadtéarmach | Beart nua d'áirithigh áineasa forbartha ar an gCé Thoir. |
| **Turasóireacht DLR** | Meántéarmach-fadtéarmach | Iniúchadh déanta ar na féidearthachtaí maidir le bonneagar áineasa lasmuigh a fhorbairt sa chuan. |
| **Turasóireacht DLR** | Meántéarmach-fadtéarmach | Foirgnimh Oidhreachta Chuan DLR caomhnaithe agus athchóirithe, le rochtain agus léirmhíniú feabhsaithe do chuairteoirí. |
| **Turasóireacht DLR**<br>**Oidhreacht DLR** | Meántéarmach-fadtéarmach | Measúnú féidearthachta ar dheiseanna chun longa stairiúla a cheannach do Chuan DLR, agus ceannach spriocdhírithe ina dhiaidh sin má mheastar go bhfuil sé sin indéanta ó thaobh eacnamaíochta, oibriúcháin agus rialachais de. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 1.1: Rochtain oscailte ar an gcósta* | |
| 1.6 | **Plean um Eispéireas agus Seirbhísí do Chuairteoirí ar an gCósta agus ar na Tránna a ullmhú,** athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna d'áiseanna áineasa feabhsaithe ag na príomhshuíomhanna snámha agus cósta sa Chontae, ag díriú isteach ar athúsáid struchtúir atá ann cheana féin, rochtain fheabhsaithe ó phríomhbhailte agus sráidbhailte a chur ar fáil, agus Gormbhealach do DLR a fhorbairt. | Turasóireacht DLR |
| 1.7 | **Tacú le forbairt leanúnach agus céimneach a dhéanamh ar Chosán Chósta Bhaile Átha Cliath**amach anseo agus le forbairt aon tionscadal eile a bhaineann leis. | Turasóireacht DLR |
| 1.8 | **Deiseanna a aithint maidir le taitneamhacht bhuan, shuntasach a fhorbairt do chuairteoirí cois farraige,** i gcomhthéacs Mháistirphlean Chuan DLR, forbairt a bheadh a chuirfeadh leis na taitneamhachtaí atá ann cheana. Roth Ferris, mar shampla, túr amhairc nó balún, nó a leithéid. | Cuan Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| 1.9 | **Tacú le dul chun cinn na n-áiseanna nua spóirt uisce ar Thrá Chill Iníon Léinín.** | Turasóireacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| 1.10 | **An limistéar idir Folcadáin Dhún Laoghaire agus an Ché Thoir a fheabhsú**, lena n-áirítear an feabhas a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leithris inrochtana na Cé Thoir, forbairt a bhainfeadh le lamháltas caifé a cheadúnú. | Ailtirí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| | *Cuspóir 1.2: Lántairbhe a bhaint as na sléibhte* | |
| 1.11 | **Tacú le Fáilte Éireann i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Plean Forbartha Shléibhte Bhaile Átha Cliath mar Cheann Scríbe (DEDP).** | Fáilte Éireann |
| 1.12 | **Slí Shléibhte Bhaile Átha Cliath a fheabhsú trí líon na gconairí easbhóthair a mhéadú**, faoi réir thoiliú úinéirí talún agus acmhainneacht an chomhshaoil. | Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath |
| 1.13 | **Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath**, lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann le hathchóiriú Shléibhte Bhaile Átha Cliath, rochtain inbhuanaithe, moil áineasa (m.sh. Cnoc na Raithní, Páirc Mharlaí, Tigh an Chnoic), bainistíocht cuairteoirí, conairí easbhóthair agus cumarsáid/feasacht. | Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath |

| Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|
| | | |
| **Cuan DLR**<br>**Fáilte Ireland** | Ar bun faoi láthair | Plean um Eispéireas agus Seirbhísí do Chuairteoirí ar an gCósta agus ar na Tránna ullmhaithe.<br><br>Gormbhealach DLR curtha i bhfeidhm agus naisc nua cruthaithe idir bailte agus sráidbhailte agus an cósta. |
| **Fáilte Ireland**<br>**Tránna DLR,**<br>**Forbairt Gheilleagrach DLR** | Ar bun faoi láthair | Tacaíocht tugtha d'fhorbairt Chonair Chósta Bhaile Átha Cliath |
| Fáilte Ireland | Gearrthéarmach-meántéarmach | Machnamh déanta ar thaitneamhacht shuntasach ar an gcósta. |
| Rannóg na nAiltirí<br>Ránnóg na dTránna | Meántéarmach-fadtéarmach | Áiseanna nua spóirt uisce forbartha ar Thrá Chill Iníon Léinín. |
| Turasóireacht DLR<br>Páirceanna DLR<br>Oidhreacht DLR<br>Cuan DLR | Gearrthéarmach-meántéarmach | Feabhsuithe ar an gcósta idir Folcadáin Dhún Laoghaire agus an Ché Thoir críochnaithe. |
| | | |
| Turasóireacht DLR<br>CC Átha Cliath Theas<br>CC Chill Mhantáin | Ar bun faoi láthair | Tacaíocht tugtha do Phlean Forbartha Shléibhte Bhaile Átha Cliath mar Cheann Scríbe (DEDP). |
| Oifig na gCosán Náisiúnta | Ar bun faoi láthair | Feabhas curtha ar Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath |
| Páirceanna DLR<br>Turasóireacht | Ar bun faoi láthair | Tacaíocht tugtha do Phlean Comhpháirtíochta Shléibhte Bhaile Átha Cliath. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 1.2: Lántairbhe a bhaint as na sléibhte (ar lean)* | |
| 1.14 | **Oibriú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun an bonneagar MTB a fheabhsú agus chun áiseanna a fhorbairt ag moil straitéiseacha (amhail ionaid nua rothaíochta sléibhe ag Tigh an Chnoic, ag Páirc Eachtraíochta Ghleann Cuilinn, agus ag Buaile na Stuaí),** d'fhonn DLR a chur chun cinn mar cheann scríbe MTB atá sábháilte, slán agus a aithnítear go hidirnáisiúnta. | Coillte |
| 1.15 | **Imeachtaí spóirt rannpháirtíocha a reáchtáiltear thar roinnt laethanta agus a chuireann áilleacht Shléibhte Bhaile Átha Cliath os comhair an phobail a aithint, a spreagadh agus a thacú.** | Turasóireacht DLR |
| 1.16 | **Sainaithint agus iniúchadh déanta ar a tuilleadh gníomhaíochtaí sna sléibhte** i gcomhar le hoibreoir tríú páirtí aitheanta. | Turasóireacht DLR |
| | *Cuspóir 1.3: Feabhas a chur ar na heispéiris atá ar fáil cheana, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar oidhre* | |
| 1.17 | **Leanúint ar aghaidh ag tacú le feabhas a chur ar Thúr agus ar Mhúsaem James Joyce.** | Turasóireacht DLR |
| 1.18 | **Féachaint le tuilleadh eispéireas a fhorbairt a thugann deis do chuairteoirí eolas a chur ar oidhreacht liteartha agus saol liteartha comhaimseartha an Chontae** (Féach freisin gníomh 2.8 maidir le conairí AR). | Oidhreacht DLR |
| 1.19 | **Tacú le forbairt agus le feabhsú Músaem Muirí Náisiúnta sa todhchaí,** mar shampla, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun beocht a chur sna scéalta a chloistear ann. | An Músaem Muirí Náisiúnta |

| Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|
| | | |
| Rannóga DLR<br>Soláthraithe tríú páirtí<br>Rothaíocht Éireann<br>Oifig na gCosán Náisiúnta | Ar bun faoi láthair | Tacaíocht tugtha d'fhorbairt bhóithre an Chontae agus do na roghanna atá ann do rothair sléibhe. |
| Coillte<br>Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath | Ar bun faoi láthair | Imeachtaí nua rannpháirtíochta spóirt ar siúl a reáchtáiltear thar roinnt laethanta. |
| Soláthraithe tríú páirtí<br>Coillte | Meántéarmach-Fadtéarmach | Sainaithint déanta ar dheiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí sna sléibhte. |
| *eacht thógtha agus chultúrtha an Chontae* | | |
| Oidhreacht DLR | Ar bun faoi láthair | Méadú tagtha ar líon na ndaoine a thugann cuairt ar Thúr James Joyce. |
| Turasóireacht DLR | Ar bun faoi láthair | Curtha leis na roghanna ó thaobh eispéireas liteartha de atá ar fáil sa Chontae. |
| Turasóireacht DLR<br>Oidhreacht DLR<br>Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Méadú tagtha ar líon na cuairteoirí chuig an Músaem Muirí Náisiúnta. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| *Cuspóir 1.3: Feabhas a chur ar na heispéiris atá ar fáil cheana, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar oidhre* | | |
| 1.20 | **Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse a thacú, a chur chun cinn, agus a fhorbairt mar** phríomheispéireas do chuairteoirí sa chontae agus breathnú ar na féidearthachtaí atá ann chun eispéiris ghaolmhara a fhorbairt. | Turasóireacht & Oidhreacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. |
| 1.21 | **Féachaint le heispéireas na gcuairteoirí ag an Aireagal a fheabhsú** trí na saoráidí agus an tumscéalaíocht do chuairteoirí a fheabhsú agus trí deireadh seachtaine oscailte a reáchtáil. | Oidhreacht DLR |
| 1.22 | **Tacú le forbairt leanúnach a dhéanamh ar DLR Lexicon mar phríomheispéireas cultúrtha sa Chontae.** | Rannóg Cultúir & Leabharlann DLR |
| 1.23 | **Tacú le hathdhearadh an spáis phoiblí ag an DLR Lexicon** chun freastal ar réimse feabhsaithe clár agus seirbhísí. | Rannóg Cultúir & Leabharlann DLR |
| 1.24 | **Rochtain, coimeádaíocht agus léirmhíniú níos fearr a chur ar fáil ag Teach Mharlaí agus Teach Chábán tSíle;** rochtain agus léirmhíniú níos fearr a chur ar fáil ag Túir Martello Rinn na Mara agus Bhaile Liam. | Oidhreacht DLR |
| 1.25 | **Oibriú le chéile chun Músaem Seandálaíochta Faoin Aer agus/nó Músaem Oidhreachta Cósta** (cur chuige iarsmalann dháilte) a chruthú, lena n-áirítear an cumas atá ann chun an rochtain ar phríomhláithreáin agus ar phríomhbhealaí a leathnú. | Oidhreacht DLR |

| Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|
| *…eacht thógtha agus chultúrtha an Chontae (ar lean)* | | |
| Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse | Ar bun faoi láthair | Méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí chuig Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse. |
| Turasóireacht DLR | Meán | Feabhas curtha ar na seirbhísí atá ar fáil ag an Aireagal. |
| Turasóireacht DLR<br>Oidhreacht DLR<br>Ealaíona DLR | Ar bun faoi láthair | Cláir nua forbartha. |
| Ailtirí DLR<br>Turasóireacht DLR | Gearrthéarmach-Meántéarmach | Spás poiblí DLR Lexicon athdheartha. |
| Turasóireacht DLR | Meán | Roghanna feabhsaithe curtha ar fáil ag Teach Mharlaí agus Teach Chábán tSíle. |
| DLRCC,<br>CC Átha Cliath Theas,<br>CC Chill Mhantáin<br>Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath<br>Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath | Meántéarmach-fadtéarmach | Músaem Seandálaíochta Faoin Aer agus/nó Músaem Oidhreachta Cósta cruthaithe. |

## SP2 - Na poncanna a cheangal lena chéile

**Aidhm: Na naisc fhisiciúla atá idir taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí an Chontae ar an gcósta agus sna sléibhte agus sna ceantair idir eatarthu a threisiú.** Ní hamháin go rachaidh cruthú pobail agus gnólachtaí níos nasctha chun tairbhe iad siúd a chónaíonn agus a oibríonn laistigh den Chontae, ach cuirfidh sé go mór freisin leis na tairiscintí a bheidh ar fáil do chuairteoirí agus iad ag taisteal trí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, trí eispéireas saoráideach agus speisialta a thabhairt dóibh.

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 2.1: Feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht idir an cósta agus na sléibhte.* | |
| 2.1 | **Oibriú le príomh-chomhpháirtithe chun forbairt agus tacaíocht a thabhairt do sheirbhís bus Rambler Shléibhte Bhaile Átha Cliath** a nascann moil uirbeacha, moil iompair agus cinn cosáin/áiseanna do chuairteoirí/ soláthróirí gníomhaíochta (féach Cuspóir Plean Straitéiseach DMP 1.4). | Turasóireacht DLR |
| 2.2 | **Machnamh ar staidéar féidearthachta a dhéanamh d'fhorbairt carr cábla i Sléibhte Bhaile Átha Cliath** (bunaithe ar chomhairliúchán tosaigh). | Turasóireacht DLR |
| 2.3 | **Machnamh ar sheirbhís turas gairid, inbhuanaithe do chuairteoirí chun príomhláithreacha turasóireachta a nascadh**, m.sh. feithiclí leictreacha nó rogha dá leithéid. | Turasóireacht DLR |
| 2.4 | **An tseirbhís faisnéise do phaisinéirí longa cúrsála a fhorbairt agus a fheabhsú** agus seirbhísí breise a chur ar fáil chun a dtréimhse fanachta sa Chontae a mhéadú. | Turasóireacht DLR |
| 2.5 | **Feabhas breise a chur ar Bhealach Soghluaisteachta an Chósta** trí bhonneagar tacaíochta feabhsaithe (amhail leathnú ar sheirbhísí roinnte rothar feadh an bhealaigh, pointí eolais faoi radharcanna/séadchomharthaí oidhreachta a sholáthar, bealaí tánaisteacha a fhorbairt — ag nascadh áiseanna an chósta le háiseanna na sléibhte). | Taisteal Gníomhach DLR |
| 2.6 | **Oibriú le cuideachtaí micrea-shoghluaisteacht agus roinnte rothar ar nós Bleeper, Moby agus Moovit chun an soláthar rothar sa Chontae a fheabhsú** agus raon oibriúcháin na rothar a fheabhsú. | Taisteal Gníomhach DLR |




| Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|
| Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath<br>An tÚdarás Náisiúnta Iompair<br>Fáilte Ireland<br>CC Átha Cliath Theas | Gearrthéarmach | Seirbhís bus Rambler Shléibhte Bhaile Átha Cliath curtha i bhfeidhm. |
| Fáilte Ireland<br>Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath | Meántéarmach-fadtéarmach | Staidéar féidearthachta coimisiúnaithe maidir le forbairt carr cábla i Sléibhte Bhaile Átha Cliath. |
| Soláthraí tríú páirtí | Gearrthéarmach | Seirbhís iompair ar chósta Dhún Laoghaire curtha i bhfeidhm áit arbh fhéidir é sin a dhéanamh. |
| Cuan DLR<br>Comhlachas Tráchtála DLR<br><br>Soláthraithe Áitiúla | Ar bun faoi láthair | Faisnéis fós á tabhairt do chuairteoirí ó longa cúrsála maidir le tairiscintí turasóireachta dlr. |
| CC Chill Mhantáin | Ar bun faoi láthair | Bealach Soghluaisteachta an Chósta feabhsaithe. |
| Cuideachtaí roinnte rothar | Ar bun faoi láthair | Feabhas curtha ar sholáthar na rothar ar cíos sa Chontae. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 2.2: Eolas agus treochomharthaíocht shoiléir agus inrochtana a chur ar fáil* | |
| 2.7 | **Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éifeachtacha chun treochomharthaíocht a chomhtháthú le seirbhísí mapála dhigitigh coiteann agus conairí a chur chun cinn i réigiún Bhaile Átha Cliath.** | Fáilte Éireann |
| 2.8 | **Féachaint le teicneolaíochtaí AR a fhorbairt ag an leibhéal áitiúil a chuirfidh treoir shoiléir agus eispéireas scéalaíochta níos fearr ar fáil do chuairteoirí.** | Turasóireacht DLR |

## SP3 – Cuairteanna níos faide a spreagadh

Aidhm: Leas a bhaint as saibhreas dúchasach cultúrtha an Chontae, a bhailte agus sráidbhailte, muintir na háite agus a scéalta, chun cuairteoirí a mhealladh chuig Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus iad a spreagadh le fanacht níos faide sa cheantar.

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 3.1: Forbairt agus cothabháil lóistín do chuairteoirí* | |
| 3.1 | **Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun an tairbhe eacnamaíoch is fearr a fháil as cuairteoirí veaineanna campála agus 'glampála' sa Chontae** trí staidéar sainiúil a dhéanamh chun suíomhanna campála cuí a aimsiú. | Turasóireacht DLR |
| 3.2 | **Cuidiú leis an tairiscint lóistín do chuairteoirí sa Chontae a fheabhsú** trí dheiseanna infheistíochta sa Chontae a chur chun cinn d'oibreoirí óstán. | Turasóireacht DLR |
| 3.3 | **Dul i dteagmháil leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath maidir le húsáid lóistín na mac léinn ag cuairteoirí le linn tréimhsí saoire.** | Turasóireacht DLR |

| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Turasóireacht DLR | Ar bun faoi láthair | Eolas ar chonairí feabhsaithe. |
| | Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Úsáid níos fearr bainte as teicneolaíochtaí AR i bhforbairt conairí. |




| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Rannóg DLRCC<br>Soláthraithe príobháideacha | Gearrthéarmach | Staidéar déanta ar dheiseanna maidir le suíomhanna do veaineanna campála agus suíomhanna glampála. |
| | Oibreoirí óstáin | Gearrthéarmach-meántéarmach | Ócáid phromóisin reáchtáilte le príomhoibreoirí óstáin. |
| | COBÁC | Gearrthéarmach | Teagmháil déanta le COBÁC maidir le húsáid lóistín na mac léinn. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 3.2: Bailte agus sráidbhailte atá níos bríomhara i rith an lae agus san oíche a chruthú.* | |
| 3.4 | **Cuidiú le forbairt imeachtaí ar scála beag chun beocht a chur i spásanna poiblí** (taobh istigh agus taobh amuigh). | Turasóireacht DLR agus Forbairt Gheilleagrach |
| 3.5 | **Leanúint le tacaíocht a thabhairt do thairiscint bhia uathúil an Chontae trí ghnólachtaí áitiúla bia agus deochanna a chur chun cinn**, ag féachaint le tacaíocht a thabhairt do mhargaí bia seanbhunaithe agus margaí nua a fhorbairt sa Chontae. | Turasóireacht DLR |
| 3.6 | **'Plean geilleagair oíche' a fhorbairt agus imeachtaí áitiúla ar scála beag a reáchtáil i mbailte, sráidbhailte agus i suíomhanna oidhreachta.** (féach freisin gníomh 5.13 de Phlean Oidhreachta dlr maidir leis seo).<br><br>Machnamh a dhéanamh ar an mBratach Chorcra a úsáid chun suntas a thabhairt do chomhoibriú agus comhordú i measc páirtithe leasmhara. | Turasóireacht DLR agus Forbairt Gheilleagrach |
| 3.7 | **Oibriú chun clár imeachtaí feabhsaithe a fhorbairt le linn an tséasúir chiúin**, le margaíocht níos spriocdhírithe a dhéanamh don chlár seo, dírithe ar chuairteoirí áitiúla, intíre agus idirnáisiúnta. | Turasóireacht DLR |
| | *Cuspóir 3.3: Tacú le fás na turasóireachta gnó sa Chontae.* | |
| 3.8 | **Príomhshuíomhanna féideartha d'imeachtaí comhdhála agus do lárionad imeachtaí ilfheidhmeach mór a aithint i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.** | Turasóireacht DLR agus Forbairt Gheilleagrach |
| 3.9 | **Comhpháirtíochtaí a spreagadh idir óstáin agus soláthraithe gníomhaíochtaí**, amhail cúrsaí gailf agus soláthraithe gníomhaíochtaí allamuigh eile, chun turais ghnó thar thréimhse níos faide a spreagadh. | Turasóireacht DLR |
| 3.10 | **Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun láithreáin agus foirgnimh oidhreachta a úsáid le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí ar scála beag.** | Turasóireacht & Oidhreacht DLR |

| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Pobail áitiúla<br>Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Líon na n-imeachtaí beaga méadaithe. |
| | Gnólachtaí bia agus deochanna<br>Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Cumas roghanna bia DLR curtha chun cinn. |
| | Pobail áitiúla<br>Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Plean geilleagair oíche DLR forbartha, lena n-áirítear úsáid na Brataí Corcra. |
| | Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Clár imeachtaí feabhsaithe forbartha don séasúr ciúin. |
| | | | |
| | Comhlachas Tráchtála DLR | Gearrthéarmach | Príomhshuíomhanna féideartha d'imeachtaí comhdhála agus do lárionad imeachtaí ilfheidhmeach mór aitheanta. |
| | Soláthraithe óstán<br>Soláthraithe gníomhaíochtaí | Ar bun faoi láthair | Líon méadaithe comhpháirtíochtaí idir óstáin agus soláthraithe gníomhaíochtaí. |
| | Comhlachas Tráchtála DLR<br>Eagraíochtaí deonacha | Gearrthéarmach | Aithníodh príomhshuíomhanna féideartha le haghaidh imeachtaí ar scála beag. |

## SP4 – An ceann scríbe a bhainistiú

Aidhm: Áit ar leith a bhaint amach don Chontae mar cheann scríbe iontaofa agus bríomhar do chuairteoirí trí dhíriú isteach ar an ngníomhú ar son na haeráide, an inrochtaineacht, an margaíocht nuálaíoch, agus ar chomhpháirtíochtaí a chothú. Béim a chur ar dhéanamh cinntí beartais agus infheistíochta atá bunaithe ar bhailiúchán sonraí agus anailís iontaofa d'fhonn leas a bhaint as deiseanna agus maolú a dhéanamh ar bhagairtí as eascraíonn as fás na hearnála.

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| *Cuspóir 4.1: DLR a chur chun cinn mar dhea-shampla den inbhuanaitheacht agus den ghníomhú ar son* | | |
| 4.1 | **Iarracht a dhéanamh gnólachtaí turasóireachta reatha agus nua i DLR a spreagadh chun oibriú ar bhealach níos inbhuanaithe** trí thacaíocht/mhaoiniú a thabhairt dóibh le páirt a ghlacadh i scéimeanna náisiúnta oiliúna/ creidiúnaithe.<br>Gnólachtaí turasóireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a threorú chuig acmhainní Gníomhartha ar son na hAeráide Fáilte Éireann, amhail an t-áireamhán astaíochtaí carbóin, an treochlár um ghníomhú ar son na haeráide, nó na treoracha a thugtar maidir le bainistiú fuinnimh, uisce agus dramhaíola.<br>Seaimpíní inbhuanaithe áitiúla sa turasóireacht agus san fháilteachas a aithint agus a chur chun cinn. | Turasóireacht DLR |
| 4.2 | **Comhoibriú le príomheagraíochtaí chun grúpa oibre um thurasóireachta athspreagthach a bhunú le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta**, chun gníomhaíochtaí san earnáil a mhapáil agus a aithint cén áit ar féidir le DLRCC tacú leo.<br>Comhpháirtíochtaí féideartha idir údaráis áitiúla eile, gnólachtaí turasóireachta agus eagraíochtaí comhshaoil a iniúchadh chun deiseanna dul i dteagmháil leis an nádúr a chruthú do chónaitheoirí agus do chuairteoirí sa chontae, go háirithe i Sléibhte Bhaile Átha Cliath. | Turasóireacht DLR |
| 4.3 | **Dea-chleachtas a aithint agus a spreagadh i measc gnólachtaí san earnáil turasóireachta a chuirfidh ar a gcumas a bheith níos inrochtana do chách** (amhail soláthraithe lóistín, taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí). | Turasóireacht DLR |
| 4.4 | **Soláthrófar sonraí do ghnólachtaí nua maidir le dearadh uilíoch agus suíomhanna oidhreachta a dhéanamh níos inrochtana.** | Turasóireachta & Oidhreacht DLR |

| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| *na haeráide* | | | |
| | Fáilte Ireland<br>Soláthraithe creidiúnaithe<br>Gnólachtaí turasóireachta | Ar bun faoi láthair | Tacaíocht agus treoir curtha ar fáil chun rannpháirtíocht gnólachtaí turasóireachta i scéimeanna creidiúnaithe inbhuanaitheachta a spreagadh. |
| | | Gearrthéarmach | Eolas curtha ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta maidir le hacmhainní Gníomhú ar son na hAeráide Fáilte Éireann. |
| | | Ar bun faoi láthair | Seaimpíní inbhuanaithe áitiúla aitheanta agus curtha chun cinn. |
| | CC Átha Cliath Theas<br>CC Chill Mhantáin<br>Fáilte Ireland | Gearrthéarmach-meántéarmach | Machnamh déanta ar bhunú grúpa oibre um thurasóireacht athspreagthach agus deiseanna le dul i dteagmháil leis an nádúr |
| | Gnólachtaí turasóireachta | Ar bun faoi láthair | Dea-chleachtas sa rochtain uilíoch aitheanta |
| | Gnólachtaí turasóireachta | Ar bun faoi láthair | Cuireadh eolas ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta nua ar na dea-chleachtais maidir le hinrochtaineacht uilíoch. |

| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| *Cuspóir 4.2: Margaíocht nuálach agus cur chun cinn áiseanna an chontae a spreagadh.* | | |
| 4.5 | **Leanúint ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann chun cabhrú le roghanna an Chontae a choimeád agus áit ar leith a thabhairt dóibh i Réigiún Bhaile Átha Cliath,** lena n-áirítear pleananna turais a fhorbairt ar mhaithe le margaíocht ar líne, faisnéis a sholáthar faoi thaitneamhachtaí nua agus cuairteanna cleachta is eolais a éascú/a chumasú.<br><br>Pacáistí turasóireachta agus pleananna turais cuimsitheacha agus a fhorbairt trí chomhoibriú a chothú agus a éascú idir soláthraithe seirbhísí agus taitneamhachtaí sa Chontae. | Turasóireacht DLR |
| 4.6 | **Ábhar margaíochta a chruthú agus a fhorbairt ag baint úsáid as modhanna éagsúla,** amhail margaíocht thraidisiúnta (Léarscáil do Chuairteoirí DLR, bileoga eolais, bróisiúir, cláir faisnéise) agus na meáin dhigiteacha (TikTok agus Instagram Reels).<br><br>Suíomh Gréasáin DLR tourist.ie a fhorbairt chun tacú le heispéiris áitiúla a chur in áirithe ar líne.<br><br>Úsáid a bhaint as ardáin na meán sóisialta amhail Facebook, Instagram, Twitter agus TikTok chun gnólachtaí an chontae agus na táirgí a chuireann siad ar fáil a chur chun cinn.<br><br>Bróisiúir agus bileoga turasóireachta atá ar fáil in ionaid eolais do thurasóirí a thabhairt suas chun dáta chun béim a chur ar na gníomhaíochtaí is déanaí atá ag tarlú agus athnuachan a dhéanamh ar na bróisiúir agus na bileoga chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i ngníomhaíochtaí turasóireachta a thaispeáint. | Turasóireacht DLR |
| 4.7 | **Úsáid a bhaint as bonneagar/áiseanna Scáileán Digiteach DLRCC chun taitneamhachtaí agus imeachtaí chuairteoirí a chur chun cinn.** | Turasóireacht DLR |



| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Pleananna turais DLR forbartha agus curtha ar fáil d'Fháilte Éireann. |
| | | Ar bun faoi láthair | Forbraíodh réimse ábhar margaíochta nua trí chainéil éagsúla.<br><br>Rinneadh suíomh gréasáin turasóireachta DLR a fhorbairt.<br><br>Rinneadh bróisiúir turasóireachta DLR a thabhairt suas chun dáta. |
| | Rannóg DLRCC | Ar bun faoi láthair | Baineadh úsáid as bonneagar/ áiseanna Scáileán Digiteach DLRCC chun taitneamhachtaí agus imeachtaí chuairteoirí a chur chun cinn. |


| | Gníomh | Ceannaire |
|---|---|---|
| | *Cuspóir 4.3: Earnáil ghnó turasóireachta níos comhoibríoch agus níos tacúla a chothú sa Chontae agu* | |
| 4.8 | **Cúrsa spriocdhírithe margaíochta turasóireachta a fhorbairt agus a sholáthar do ghnólachtaí turasóireachta DLR** bunaithe ar anailís ar riachtanais turasóireachta. | Turasóireacht DLR |
| 4.9 | **Tacú le forbairt struchtúir rialachais don turasóireacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin**<br>Coiste Turasóireachta a bhunú do DLR (cruinniú ráithiúil) chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha Turasóireachta.<br>Tógáil ar an dul chun cinn atá déanta ag Líonra Soláthraithe Turasóireachta DLR.<br>Cruinnithe faoi théamaí éagsúla a reáchtáil le soláthraithe turasóireachta (an cósta, na sléibhte, etc.) | Turasóireacht DLR |
| 4.10 | **Pobail áitiúla a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí** (obair dheonach agus eagrú imeachtaí) chun beocht an chontae a thaispeáint, go háirithe sna himeachtaí a bhaineann le cultúr, éagsúlacht agus cuimsiú. | Turasóireacht DLR |
| 4.11 | **Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú ar thurasóireacht ag an leibhéal réigiúnach** trí mheán Ghrúpa Oibre Turasóireachta Réigiún Bhaile Átha Cliath. | Grúpa Oibre Turasóireachta Réigiún Bhaile Átha Cliath |
| 4.12 | **Tuilleadh acmhainní a chur ar fáil chun an straitéis turasóireachta a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm,** lena n-áirítear ról nua d'Oifigeach Margaíochta Turasóireachta a chruthú. | Turasóireacht DLR |
| | *Cuspóir 4.4: Feabhas a chur ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí turasóireachta i gcomhréir le rialacha n* | |
| 4.13 | **Comhoibriú le húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath agus le cuideachtaí príobháideacha** ar chur chuige sonraí cliste a chur i bhfeidhm chun tacú le cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith seachadadh turasóireachta | Turasóireachta agus Forbairt Gheilleagrach DLR |
| 4.14 | **Úsáid teicneolaíochtaí bailithe sonraí cliste agus braiteoirí digiteacha chun feabhsuithe sa ríocht phoiblí a fhiosrú** (mar shampla, ag bealaí isteach chuig páirceanna, spásanna imeachtaí, Folcadáin DL, ionaid do chuairteoirí, agus pointí rochtana rotharbhealaigh). | Turasóireacht agus Forbairt Gheilleagrach Chomhairle Contae DLR |
| | *Cuspóir 4.5: Tacú le tionscnaimh nuálaíochta agus turasóireachta cliste* | |
| 4.15 | **Córas cuimsitheach a fhorbairt chun méadracht feidhmíochta turasóireachta a thaifeadadh** chun feidhmíocht agus todhchaí earnáil turasóireachta an Chontae a thuar go cruinn. | Turasóireacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| 4.16 | **Féachaint le feidhmchláir treorach agus bothanna idirghníomhacha a fhorbairt a chuideoidh le cuairteoirí a mbealach a dhéanamh tríd an gContae,** agus a chuideoidh leis an gComhairle Contae sonraí turasóireachta a bhailiú. | Turasóireacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |

| | Cúltaca | Tréimhse Ama | PTF |
|---|---|---|---|
| *s ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath i gcoitinne* | | | |
| | Fáilte Ireland | Ar bun faoi láthair | Oiliúint sa mhargaíocht curtha ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta DLR. |
| | Príomhionadaithe Tionscail<br>Fáilte Ireland | Gearrthéarmach | Coiste Turasóireachta DLR bunaithe, cruinnithe ráithiúla agus imeachtaí líonraithe gach bliain. |
| | Pobail áitiúla | Ar bun faoi láthair | Deiseanna aitheanta do phobail áitiúla chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí turasóireachta. |
| | CC Átha Cliath Theas<br>Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>Comhairle Contae Fhine Gall | Ar bun faoi láthair | Comhoibriú leanúnach ar fhorbairt agus ar bhainistiú turasóireachta ag an leibhéal réigiúnach. |
| | | Gearrthéarmach/Ar bun faoi láthair | Aithníodh acmhainní leordhóthanacha chuige seo. |
| *áisiúnta RGCS* | | | |
| | CC Átha Cliath Theas<br>Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>Comhairle Contae Fhine Gall | Gearrthéarmach-meántéarmach | Comhoibriú réigiúnach ar chur chuige sonraí cliste chun bonn eolais a chur faoi sheachadadh turasóireachta. |
| | Rannóg DLRCC | Ar bun faoi láthair | Úsáid teicneolaíochtaí cliste bailithe sonraí agus braiteoirí digiteacha fiosraithe. |
| | | | |
| | | Gearrthéarmach-meántéarmach | Painéal eolais turasóireachta DLR curtha i bhfeidhm. |
| | | Gearrthéarmach-meántéarmach | Aipeanna turasóireachta agus bothanna idirghníomhacha curtha i bhfeidhm. |




# 05

# An Ráta Ratha a Thomhas




Chun go n-éireoidh leis an Straitéis seo, tá sé tábhachtach méadracht a bhunú chun turasóireacht sa Chontae a mhonatóiriú, a bhainistiú agus a fhorbairt go rathúil. Cé go bhfuil na sonraí faoi mhéid na turasóireachta agus iompraíocht turasóirí ar fáil ó roinnt gníomhaireachtaí stáit, lena n-áirítear Fáilte Éireann agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), tá na sonraí seo an-teoranta agus tá easpa sonraí ann don leibhéal fo-réigiúnach. Chun tairbhe a bhaint as torthaí dearfacha, ní mór gníomhaíochtaí turasóireachta agus a rathúlacht a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu trí PTFanna nuálacha a chur i bhfeidhm.

Chun na cuspóirí atá socraithe a bhaint amach, cuireann an Straitéis gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla den bhainistiú rathúlachta i bhfeidhm. Baintear é seo amach trí líon na gcuairteoirí, an modh iompair a úsáideann siad, agus an méid a chaitheann siad sa Chontae a shainaithint. Ina dhiaidh sin cuirtear na sonraí ar aghaidh chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, a úsáideann iad chun cinntí infheistíochta turasóireachta don todhchaí a dhéanamh agus chun torthaí na ngníomhaíochtaí uile a chuirtear i bhfeidhm de réir na Straitéise a thomhas. Is iad seo a leanas na táscairí a chabhróidh linn an rathúlacht a thomhas:



**"...na sonraí agus an tuiscint chuí a thabhairt do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a threoróidh cinntí infheistíochta turasóireachta sa todhchaí agus a dhéanfaidh toradh na ngníomhaíochtaí go léir a dhéanfar mar chuid den Straitéis seo a thomhas."**

| PTF | Toradh Inmhianaithe | Ailíniú na dTosaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| Líon na seomraí lóistín i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar sheomraí lóistín sa Chontae | **SP 3** |
| Uimh. na soláthraithe lóistín i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar líon na ndaoine atá fostaithe san earnáil turasóireachta agus fáilteachais | **SP 1**<br>**SP 4** |
| Líon na ngnólachtaí lóistín do chuairteoirí atá faofa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá faofa ag Fáilte Éireann | Méadú ar líon na ngnólachtaí lóistín do chuairteoirí atá cláraithe le Fáilte Éireann | **SP 1** |
| Líon na gcuairteoirí ar thaitneamhachtaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá faofa ag Fáilte Éireann | Méadú ar líon na ngnólachtaí lóistín do chuairteoirí atá cláraithe le Fáilte Éireann | **SP 1** |
| Uimh. na soláthraithe lóistín i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar líon na soláthróirí lóistín sa Chontae | **SP 3** |
| Líon na gcuairteanna thar oíche i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar an líon na gcuairteanna sa Chontae | **SP 3** |
| Líon na gcuairteoirí ó longa cúrsála a tháinig i dtír ag Cuan Dhún Laoghaire | Méadú ar líon na gcuairteoirí cúrsála a tháinig i dtír agus a d'fhan sa Chontae | **SP2** |
| Líon na gcuairteanna ar leathanaigh meán sóisialta a fhaigheann tacaíocht ó DLR | Méadú ar ghníomhaíocht meán sóisialta | **SP 4** |
| Líon na suiteálacha do chomharthaí cuairteoirí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar líon na gcomharthaí turasóireachta | **SP 2** |
| Líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí agus féilte i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | Méadú ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí sa Chontae | **SP 3** |





# Na daoine a chabhraigh leis an Straitéis seo a chur le chéile

Gabhaimid buíochas leo siúd ar fad a thug a gcuid ama agus a gcuid smaointe maidir le forbairt na turasóireachta i nDún Laoghaire Ráth an Dúin le linn an phróisis rannpháirtíochta a bhí ar siúl idir Márta agus Lúnasa 2023. Rinneadh an próiseas rannpháirtíochta seo trí chomhráite straitéiseacha, suirbhé ar líne agus ceardlann an-idirghníomhach a eagrú.

**Ina measc siúd a thug léargais thábhachtacha le linn ár gcomhráite straitéiseacha bhí ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas:**

- Músaem James Joyce
- Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse
- AE Consulting
- Teach Bhán an Aeir
- Biking.ie
- Comhlachas Tráchtála DLR
- Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath
- Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath
- Dublin Bay Cruises
- Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath
- Fáilte Ireland
- Irish National Sailing School
- Inbound Tour Operators Association
- An Músaem Muirí Náisiúnta




Fuarthas 171 freagra san iomlán thar thréimhse 5 seachtaine ar shuirbhé ar líne a cuireadh amach. Scaipeadh an suirbhé ar shuíomhanna Gréasáin dlrcoco, ar leathanaigh na meán sóisialta agus ar ardáin ar líne.

An 20 Meitheamh 2023, mheall ceardlann a reáchtáladh i Halla an Chontae os cionn 30 duine a bhfuil ról acu i bhforbairt turasóireachta sa Chontae, agus chuir gach duine acu a gcuid ama ar fáil go flaithiúil. Chuir an fóram ceardlainne seo breis eolais agus taithí ar fáil dúinn, trí ghuthanna ó gach cearn den chontae ó réimsí éagsúla a thabhairt le chéile. Úsáideadh na foinsí eolais agus léargais seo a leanas mar bhonn eolais d'fhorbairt na straitéise seo.



# Dú
# Laog
# Ráth a


ún
haire
n Dúin
www.dlrcoco.ie

# Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,

Straitéis Turasóireachta, 2024-2028

www.dlrcoco.ie

